AN COIMISIÚN EORPACH

**Sa ráiteas príobháideachais seo tugtar eolas faoin gcaoi a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.**

**An oibríocht phróiseála:** Ardán Beartais Sláinte an Aontais – SEIMINEÁIR GHRÉASÁIN BHEO

**Rialaitheoir Sonraí:** An Coimisiún Eorpach, AS SANTE, Aonad B3 – Faireachán agus comhar sláinte, Líonraí sláinte, an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, an Coimisiún Eorpach

**Tagairt taifid: DPR-EC-01063**

**Clár Ábhar**


1. **Réamhrá**
2. **Cén fáth a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta agus cén chaoi a ndéantar sin?**
3. **Cad iad na forais dhlíthiúla ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**
4. **Cad iad na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?**
5. **Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**
6. **Cén chaoi a ndéanfaimid do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus iad a choimeád slán?**
7. **Cé aige a bhfuil rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtar iad?**
8. **Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?**
9. **Sonraí teagmhála**
10. **An áit a bhfuil eolas níos mionsonraithe le fáil**

## 1. Réamhrá

Tá an Coimisiún Eorpach tiomanta do do shonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachas a urramú. Déanann an Coimisiún sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil tuilleadh de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseálann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

Sa ráiteas príobháideachais seo, mínítear an fáth a bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta i gcomhthéacs na Seimineár Gréasáin Beo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais. Mínítear ann an chaoi a ndéanaimid na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn a bhailiú, a láimhseáil agus a chosaint, an chaoi a n-úsáidtear iad, agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Tugtar ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach agus lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus sonraí teagmhála an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

An t-eolas i ndáil le hoibríocht phróiseála na Seimineár Gréasáin Beo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais, arna déanamh ag Aonad SANTE B3 - Faireachán agus comhar sláinte, Líonraí sláinte, an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, an Coimisiún Eorpach, cuirtear i láthair é thíos.

## 2. Cén fáth a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta agus cén chaoi a ndéantar sin?

Cuspóir na hoibríochta próiseála: Bailíonn an Coimisiún Eorpach, AS SANTE, Aonad B3 (Rialaitheoir Sonraí) do shonraí pearsanta agus déanann sé iad a phróiseáil tuilleadh chun eolas a chur ar fáil duit faoi na Seimineáir Ghréasáin Bheo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais (rompu, lena linn agus ina dhiaidh), chun d'iarratas a phróiseáil le páirt a ghlacadh sa seimineár gréasáin sin agus chun ábhar an tseimineáir gréasáin a scaipeadh.

Sruthú gréasáin beo agus taifeadadh closamhairc ag Seimineáir Ghréasáin Bheo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais de na cainteoirí, na heagraithe agus na rannpháirtithe, chomh maith le seatanna scáileáin de na cainteoirí, de na rannpháirtithe agus de na heagraithe, glacfar iad sin go léir agus ina dhiaidh sin, déanfar iad a fhoilsiú i gcomhthéacs an tseimineáir gréasáin ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais agus ar chainéil chumarsáide eile arna mbainistiú ag AS SANTE amhail Twitter, IntraComm, IntraSante, suíomh gréasáin na Sláinte Poiblí, Luxweb agus i nuachtlitreacha.

Féadfar grianghraif a ghlacadh den lucht féachana nó de na rannpháirtithe nach cainteoirí iad (seatanna scáileáin) ina n-aonar nó i ngrúpaí má thugtar cead cainte dóibh. D'fhéadfadh sé go mbeidís ar ghrianghraif leathanradhairc den imeacht/lucht féachana ar fad.

Na rannpháirtithe nach mian leo a bheith rannpháirteach sa sruthú gréasáin/sa seimineár gréasáin ná sna gníomhaíochtaí taifeadta/foilsitheoireachta a luaitear thuas, is féidir leo agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála ach a gcuid ceamaraí gréasáin a mhúchadh nó idirghníomhú le cainteoirí agus le rannpháirtithe eile trí fheidhm comhrá an tseimineáir gréasáin amháin.

## 3. Cad iad na forais dhlíthiúla ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Na hoibríochtaí próiseála ar shonraí pearsanta a bhaineann leis na Seimineáir Ghréasáin Bheo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais (lena n-áirítear sruthú gréasáin, grianghraif, taifeadadh closamhairc) a eagrú, a bhainistiú, a chur chun cinn, agus an obair leantach ina leith, is gá iad a dhéanamh ar mhaithe le bainistiú agus le feidhmiú an Choimisiúin, faoi mar a shainordaítear sna Conarthaí. Is iad na forálacha sin go háirithe, Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le tríú Clár a bhunú do ghníomhaíocht an

Aontais i réimse na sláinte (2014-2020) Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 15 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá na hoibríochtaí próiseála sin dleathach faoi Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725 (is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais).

I gcás cruinnithe le rannpháirtithe seachtracha (nach cruinnithe coisteolaíochta ná cruinnithe saineolaithe (grúpaí) iad ná cruinnithe oibre eile de bhaill foirne an Choimisiúin le baill foirne institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus leis na Ballstáit), tá do thoiliú ag teastáil chun na críocha seo a leanas:

- ◻ liosta rannpháirtithe na Seimineár Gréasáin Beo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais a chomhroinnt, ar liosta ar a mbeidh d'ainm agus caidreamh le rannpháirithe eile le haghaidh comhoibriú amach anseo i measc na rannpháirtithe;
- ◻ comhroinnt liosta na rannpháirtithe a bhí ag an gcruinniú/imeacht/seimineár gréasáin ar a bhfuil d'ainm agus caidreamh le rannpháirtithe eile, chun meithleacha a chruthú chun leanúint den chomhobair a seoladh le linn an chruinnithe/an imeachta/an tseimineáir gréasáin;
- ◻ do shonraí pearsanta a phróiseáil chun cuireadh a thabhairt duit chuig imeachtaí/seimineáir ghréasáin amach anseo d'fhéadfadh Seimineáir Ghréasáin Bheo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais a eagrú;
- ◻ do shonraí pearsanta a phróiseáil chun do shíntiús a bhainistiú le nuachtlitir do Sheimineáir Ghréasáin Bheo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais.

Má roghnaíonn tú a bheith páirteach, tugann tú do thoiliú sainráite dúinn faoi Airteagal 5(1)(d) de Rialachán (AE) 2018/1725 do shonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch sonrach sin. Is féidir leat do thoiliú a thabhairt trí ghníomh soiléir dearfach trí thic a chur sna boscaí ar an bhfoirm chlárúcháin ar líne.

Is féidir leat do thoiliú a tharraingt siar le haghaidh na seirbhísí sin tráth ar bith:

- ◻ chun díliostáil ón nuachtlitir, cliceáil ar an gcnaipe díliostáil NÓ seol ríomhphost chuig sante-hpp@ec.europa.eu;
- ◻ chun toiliú a thug tú a tharraingt siar ar mhaithe le tairbhe a bhaint as seirbhísí eile, déan teagmháil le rialaitheoir an chruinnithe/an imeachta/an tseimineáir gréasáin ag sante-hpp@ec.europa.eu.

## 4. Cad iad na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?

Déanfar na sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil:

- sonraí teagmhála (feidhm/teideal, céadainm, sloinne, ainm na heagraíochta, cathair, tír, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin);

## 5. Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?

Ní choinníonn an Rialaitheoir Sonraí do shonraí pearsanta ach amháin chomh fada is gá chun cuspóir a mbailithe a chomhlíonadh nó chun próiseáil bhreise a dhéanamh orthu.

I gcás gach ceann de na catagóirí sonraí pearsanta a dhéanfar a phróiseáil, gheobhaidh tú thíos na sonraí coinneála agus an tagairt don taifead ábhartha den phróiseáil:

- ☐ Na sonraí pearsanta uile a bhaineann le Seimineáir Ghréasáin Bheo ar Ardán Beartais

Sláinte an Aontais a eagrú agus a bhainistiú (lena n-áirítear an t-eolas a tugadh le linn an chlárúcháin, roimh an imeacht, lena linn nó ina dhiaidh), déanfar iad a scrios **bliain amháin** tar éis an bhirt dheireanaigh i ndáil le Seimineáir Ghréasáin Bheo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais.

☐ Na taifeadtaí ó Sheimineáir Ghréasáin Bheo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais arna shruthú ar an ngréasán, coinneofar iad ar feadh **2 bhliain** sula scriosfar iad. Tá tuilleadh eolais ar fáil sa Taifead ar Phróiseáil DPR-EC-00306 (Sruthú-gréasáin ar imeachtaí an Choimisiúin).

☐ Sonraí pearsanta a chomhroinntear leis an rialaitheoir chun críocha postála amach anseo (e.g., chun nuachtlitreacha nó cuirí chuig imeachtaí comhchosúla a fháil), déantar iad a phróiseáil i gcomhréir leis an Taifead Próiseála DPR-EC-03928 maidir le Síntiúis a bhainistiú chun faisnéis a fháil.

**6. Cén chaoi a ndéanfaimid do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus iad a choimeád slán?**

Stóráiltear na sonraí pearsanta uile atá i bhformáid leictreonach (ríomhphoist, doiciméid, bunachair sonraí, baisceanna sonraí a uaslódáladh, etc.) ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh, bunachar sonraí Webex nó ar uirlisí comhdhála gréasáin eile amhail Interactio, Skype for Business nó Teams atá údaraithe ag an gCoimisiún. Déantar na hoibríochtaí próiseála ar fad de bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil córas cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach.

Chun do shonraí pearsanta a chosaint, tá roinnt bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún. Ar na bearta teicniúla sin tá gníomhaíochtaí iomchuí chun dul i ngleic le slándáil ar líne, leis an mbaol go gcaillfí sonraí, go ndéanfaí sonraí a athrú nó go ndéanfaí rochtain neamhúdaraithe orthu, i bhfianaise an riosca atá i gceist leis an bpróiseáil agus na gcineálacha sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Ceann de na bearta eagraíochtúla is ea gan cead rochtana ar na sonraí a thabhairt ach do dhaoine údaraithe amháin a bhfuil gá dlisteanach acu leo chun críocha na hoibríochta próiseála seo.

**7. Cé aige a bhfuil rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtar iad?**

Tugtar rochtain ar do shonraí pearsanta d’fhostaithe an Choimisiúin atá freagrach as an oibríocht phróiseála sin a fheidhmiú agus do bhaill foirne údaraithe eile de chuid an Choimisiúin de réir an phrionsabail ‘ar bhonn riachtanais eolais’. Cloíonn na baill foirne sin le comhaontuithe reachtúla agus nuair is gá, le comhaontuithe breise rúndachta.

I gcás inar gá, d’fhéadfaimis do chuid eolais a chomhroinnt le soláthraithe seirbhíse freisin chun críocha na Seimineár Gréasáin Beo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais a eagrú.

**Uirlisí TF tríú páirtí, lena n-áirítear na Meáin Shóisialta**

Úsáidimid uirlisí TF tríú páirtí chun eolas ar fáil maidir le Seimineáir Ghréasáin Bheo ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais agus iad a chur chun cinn trí chainéil chumarsáide a úsáidtear go forleathan, lena n-áirítear na meáin shóisialta. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le húsáid na meán sóisialta ag an gCoimisiún Eorpach, féach Taifead ar Phróiseáil DPR-EC-00073 (Úsáid na Meán Sóisialta ag an gCoimisiún Eorpach).

Is féidir breathnú ar ár bhfíseáin, a uaslódáiltear chuig ár gcuntas Twitter @EU_Health, cuntas Vimeo AS SANTE, suíomh gréasáin Sláinte Poiblí agus Ardán Beartais Sláinte an Aontais.

Chun do phríobháideachas a chosaint, ní shocraítear fianáin tríd an úsáid a bhainimid as uirlisí TF tríú páirtí chun nascadh leis na seirbhísí sin nuair a lódáiltear ár leathanaigh gréasáin ar do

ríomhaire (nó ar ghairis eile), ná ní atreoraítear tú go díreach chuig na meáin shóisialta sin ná chuig suíomhanna gréasáin eile. Ní shuiteáiltear fianán de chuid chuideachta na meán sóisialta lena mbaineann ar do ghaireas ach i gcás ina gcliceálann tú ar chnaipe nó "cas" ar fhíseán chun féachaint air. Mura gcliceálann tú ar aon chnaipe ná físeán de chuid na meán sóisialta, ní shuiteálann aon tríú páirtí aon fhianán ar do ghaireas.

Chun féachaint ar ábhar tríú páirtí den sórt sin ar ár suíomhanna gréasáin, cuirfear in iúl trí theachtaireacht go gcaithfidh tú glacadh le Téarmaí agus Coinníollacha sonracha an tríú páirtí sin, lena n-áirítear a mbeartas fianán, nach bhfuil aon smacht ag an gCoimisiún air.

Molaimid d'úsáideoirí na beartais phríobháideachais ábhartha go cúramach sula n-úsáideann siad iad. Mínítear iontu beartas gach cuideachta maidir le bailiú sonraí pearsanta agus próiseáil bhreise, an úsáid a bhaintear as sonraí, cearta úsáideoirí agus bealaí inar féidir le húsáideoirí a bpríobháideachas a chosaint nuair a bhíonn na seirbhísí sin á n-úsáid acu.

Le húsáid uirlis TF tríú páirtí ní chinntítear ar bhealach ar bith go bhformhuiníonn an Coimisiún Eorpach é ná a bheartais phríobháideachais. I gcás nach bhfuil uirlis TF amháin tríú páirtí nó níos mó ar fáil go hócáideach, ní ghlacaimid aon fhreagracht i leith easpa seirbhíse mar gheall ar neamhfhónaimh na n-uirlisí sin.

## 8. Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?

Tá cearta sonracha agat mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III (Airteagail 14–25) de Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe an ceart do shonraí pearsanta a rochtain agus a cheartú i gcás ina bhfuil do shonraí pearsanta míchruinn nó neamhiomlán. I gcás inarb infheidhme, tá an ceart agat do shonraí pearsanta a scriosadh, srian a chur lena bpróiseáil, agus agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála, agus tá an ceart chun iniomparthachta sonraí agat.

Tá an ceart agat chun agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta, agóid a dhéantar go dleathach de bhun Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725 ar chúiseanna a bhaineann go sonrach le do chás féin.

Tá toilithe agat do shonraí pearsanta a chur ar fáil don rialaitheoir sonraí haghaidh na hoibríochta próiseála reatha. Is féidir leat do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith ach fógra a thabhairt don rialaitheoir sonraí ag sante-hpp@ec.europa.eu. Ní dhéanfaidh tarraingt siar an toilithe difear do dhlíthiúlacht na próiseála a rinneadh sular tharraing tú siar an toiliú.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, nó i gcás easaontais, leis an oifigeach cosanta sonraí. Más gá, féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin. Tá a chuid sonraí teagmhála le fáil faoi Cheannteideal 9 thíos.

I gcás inar mian leat do chearta a fheidhmiú i gcomhthéacs oibríochta próiseála ar leith amháin nó níos mó, déan cur síos orthu (i.e. a dtagairt Taifid nó a dtagairtí Taifid mar atá sonraithe faoi Cheannteideal 10 thíos) i d'iarratas.

## 9. Sonraí teagmhála

- An Rialaitheoir Sonraí.

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, nó má tá tuairimí, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi bhailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, déan teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí ag sante-hpp@ec.europa.eu.

**Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) an Choimisiúin**

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu) maidir le ceisteanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

- **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS)**

Tá an ceart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (i.e. gearán a dhéanamh leis) (edps@edps.europa.eu) má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag an Rialaitheoir Sonraí.

## 10. An áit a bhfuil eolas níos mionsonraithe le fáil

Foilsíonn Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) an Choimisiúin clár na n-oibríochtaí próiseála go léir ar shonraí pearsanta atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach, oibríochtaí a doiciméadaíodh agus a cuireadh in iúl dó. Tá an clár le fáil ag an nasc seo a leanas: http://ec.europa.eu/dpo- register.